Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1252

24.6.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/1252 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 23 Meitheamh 2025**

**lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/758 ([1]) lena gceaptar Olof SKOOG ina Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) um Chearta an Duine le haghaidh tréimhse 24 mhí go dtí an 28 Feabhra 2026.

(2) Tar éis Olof SKOOG a cheapadh chuig post eile, ba cheart Kajsa OLLONGREN a cheapadh ina hISAE um Chearta an Duine ón 23 Meitheamh 2025 go dtí an 28 Feabhra 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, foirceanntar sainordú Olof SKOOG mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) um Chearta an Duine amhail ón 1 Márta 2025.

2. Leis seo, ceaptar Kajsa OLLONGREN ina hISAE um Chearta an Duine ón 23 Meitheamh 2025 go dtí an 28 Feabhra 2026. Feidhmeoidh sí a sainordú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2024/758.

3. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfaí sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, ar bhonn measúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

*Airteagal 2*

1. Caiteachas a bhaineann leis an leanúnachas riaracháin idir sainorduithe ISAE le linn na tréimhse ón 1 Márta 2025 go dtí an 22 Meitheamh 2025, cumhdófar é leis an méid tagartha airgeadais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2024/758.

2. Caiteachas a bhaineann le cur chun feidhme shainordú ISAE le linn na tréimhse ón 23 Meitheamh 2025 go dtí an 28 Feabhra 2026, cumhdófar é leis an méid tagartha airgeadais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2024/758.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meitheamh 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/758 ón gComhairle an 26 Feabhra 2024 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine (IO L, 2024/758, 27.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/758/oj).